An canna stáin umhal

Coincheap—Fuinneamh stóráilte



NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Eolaíochta – Fuinneamh agus Fórsaí

Turgnamh

Beidh gá agat le:

- Canna mór nó gabhdán sorcóireach agus snapchlúdach air (mar shampla: feadán beag Pringles nó gabhdán do ghrán-anlann)
- Banda leaisteach tiubh (is fearr a oibríonn an turgnamh má bhíonn an banda leaisteach timpeall an fhaid chéanna leis an gcanna)
- Dhá fháiscín páipéir
- Cnó mór (de bholta) nó cnap mór marla.





1. Toll poll beag i gclúdach agus i mbun an channa. Déan deimhin de go mbíonn na poill sa lár.
2. Ceangail an cnó nó múnlaigh an marla ina liathróid timpeall lár an bhanda leaistigh.
3. Sáigh ceann banda leaistigh amháin tríd an bpoll i mbun an channa ón taobh istigh.
4. Cuir fáiscín páipéir tríd an mbanda leaisteach chun é a chosc ar shleamhnú isteach sa canna arís. Sáigh ceann eile an bhanda leaistigh tríd an bpoll sa chlúdach agus daingnigh é le fáiscín páipéir.
5. Rollaigh an canna go séimh uait agus féach air ag stopadh agus ag filleadh ort.

Cé go rollann an canna, ní rollann an meáchan trom - crochann sé gan bogadh istigh sa channa. Cuirtear ar an mbanda leaisteach lúbadh ar gach taobh den mheáchan. Nuair nach féidir leis an mbanda lúbadh níos mó stopann sé an canna. De réir mar a scaoileann an lúb sa bhanda leaisteach rollann an canna thar n-ais. Bíonn fuinneamh stóráilte sa bhanda leaisteach. Athraítear an fuinneamh stóráilte go fuinneamh gluaiste a thiomáineann an canna ar aghaidh.